# Tionscadail Taistil Ghníomhaigh an Bhaile Bháin/Pháirc an Chaisleáin
## Fógra faoi Bhóithre a bheidh le Dúnadh

Tá Scéim Líonra Rothaíochta Bhóthar an Bhaile Bháin agus Pháirc an Chaisleáin beagnach críochnaithe anois ag Coffey Construction Ltd. thar ceann Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Is éard a bheidh i gceist leis an gcéim dheiridh ná dromchla iomlán nua a chur ar na carrbhealaí ar an dá bhóthar. Chun sábháilteacht an phobail agus na n-oibrithe a chinntiú le linn na hoibre seo, tá sé beartaithe bóithre a dhúnadh go sealadach i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Leagtar amach sonraí faoin dúnadh thíos. Tuigimid go mbeidh roinnt cur isteach i gceist agus gabhaimid ár mbuíochas leat as do chuid foighne agus an tionscadal á chur i gcrích go sábháilte. Scaipfear bileog eile sula gcuirfear tús le dúnadh bóithre an Bhaile Bháin, ina mbeidh sonraí na mbealaí atreoraithe.

**<u>Cén uair a bheidh an Dúnadh Bóithre i bhfeidhm?</u>**

**Beidh Dúnadh Bóithre i bhfeidhm ón 9:30am – 4:00pm, Luan go hAoine ar na dátaí seo a leanas:**

- **Ó Dé Luain an 6 Aibreán le haghaidh tuairim is 3 seachtaine ar Bhóthar Pháirc an Chaisleáin.**
- **Ó thuairim is Dé Luain an 27 Aibreán le haghaidh tuairim is 3 seachtaine ar Bhóthar an Bhaile Bháin.**
- **Ní chuirfear tús leis an obair ar Bhóthar an Bhaile Bháin go dtí go mbeidh an obair ar Bhóthar Pháirc an Chaisleáin críochnaithe.**


**<u>Rochtain do Dhaoine Áitiúla</u>**

**Beidh bealach isteach agus amach ag feithiclí áitiúla ar an dá bhóthar, beidh comharthaíocht agus maoir ar fáil chun daoine áitiúla a chur ar an eolas faoi na bealaí atreoraithe atá i bhfeidhm chuig a dtithe. Beidh rochtain ag coisithe agus ag deiseanna a bhfuil rothaí orthu ar an dá bhóthar an t-am ar fad.**

**<u>Seirbhísí Bus</u>**

Déanfar seirbhísí bus a atreorú ó Bhóthar Pháirc an Chaisleáin idir 9.30am – 4.00pm, agus leanfaidh siad an bealach atreoraithe atá sa léaráid ar an mbileog seo. Rithfidh na busanna mar is gnáth gach tráth eile. Cuirfear comharthaíocht in airde freisin ar gach stad bus chun paisinéirí a chur ar an eolas faoin stad bus malartach a bheidh ar Bhóthar an Bhaile Bháin nó ar Bhóthar Mhuine Mheá.

**<u>Ón 6 Aibreán - Bus 401 agus feithiclí eile</u>**
**<u>Bealach atreoraithe idir 9.30am – 4.00pm, Luan - Aoine</u>**




**<u>Chun tuilleadh eolais a fháil:</u>**

- Déan teagmháil le foireann tionscadail Coffey: 086 3847193
- Chun tuilleadh eolais a fháil faoin tionscadal téigh chuig suíomh gréasáin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ar www.galwaycity.ie nó scan an cód QR

SCAN HERE

FOR MORE INFORMATION ABOUT THIS PROJECT